

DEOISE CHORCAÍ AGUS ROIS

Earrach 2026

Ag ceiliúradh shacraimint an chóineartaithe



"Tarlaíonn an méid a tharla sa Seomra Uachtarach as an nua inniu inár measc. Cosúil le gaoth chumhachtach a bhaineann an barr dinn, cosúil le splanc a bhaineann léim asainn, cosúil le tine a shoilsíonn sinn, tagann bronntanas an Spioraid Naoimh anuas orainn."

— *Pápa Leo XIV, Domhnach na Cincíse, 2025*

Tá na treoirí seo mar acmhainn dóibh siúd go léir atá ag ullmhú agus ag comhordú cheiliúradh Shacraimint an Chóineartaithe inár ndeoise. Táimid buíoch as an am agus as an bhfuinneamh a chuireann tú isteach chun cabhrú lenár ndaoine óga ullmhú don chéim thábhachtach seo ar a n-aistear creidimh. Tá súil agam go mbeidh na hacmhainní seo úsáideach duit chun do cheiliúradh a phleanáil agus a ullmhú.

Go mbeannaí Dia thú i ngach rud a dhéanann tú lenár ndaoine óga agus ar a son.

+ 

✠ Fintan Gavin
Easpag Chorcaí agus Rois

SOCRUITHE SUÍOCHÁN D'IARRTHÓIRÍ

Molann an deoise gur chóir do gach iarrthóir suí lena theaghlach agus lena chara as Críost don searmanas mar is inár dteaghlach a bhunaítear agus a chothaítear ár gcreideamh ar dtús. Díreach mar a chuireann ár dteaghlach os comhair Dé ar lá an Bhaiste sinn, ag tús ár n-aistear creidimh, anois ar Lá an Chóineartaithe glaoitear gach iarrthóir amach óna theaghlach, in éineacht lena gcara as Críost, chun an glaoch agus an tiomantas baiste sin a dhearbhu.

SULA DTOSAÍONN AN SEARMANAS

Cúpla nóiméad sula gcuirtear tús leis an searmanas, tá sé úsáideach do phríomhoide na scoile/múinteoir/ball den chomhairle paróiste tosú ag ullmhú an phobail don cheiliúradh atá le teacht. Is deis é seo chun an pobal a chiúiniú, chun a mheabhrú dóibh an gá atá lena ngutháin a mhúchadh, gan pictiúir a ghlacadh le linn an tsearmanais agus cuireadh a thabhairt dóibh a bheith i láthair go hurnaitheach trí pháirt iomlán agus ghníomhach a ghlacadh sna paidreacha agus sna iomainn atá mar chuid den searmanas. Is deis é freisin iarraidh ar an bpobal nóiméad a ghlacadh ag guí go ciúin ar son na n-iarrthóirí atá le dul faoi lámh easpaig.

MÓRSHIÚL IONTRÁLA

SEASANN CÁCH

Ba chóir go mbeadh iomann iontrála, faoi stiúir an Chóir de dhaltáí rang 4-5, a dhíríonn ar théama an Chóineartaithe agus bronntanas an Spioraid Naoimh, ag gabháil leis an mórshiúl iontrála. Ba chóir do na hiarrthóirí go léir páirt a ghlacadh tríd an iomann seo a chanadh agus, nuair is féidir, ba chóir an pobal a spreagadh le bheith páirteach ann freisin.

Má ghlacann na hiarrthóirí páirt sa mhórshiúl, leanann na sagairt iad agus ansin an t-easpag ar deireadh.

SUÍONN CÁCH

Anois an t-am d'fhocail fáilte an easpaig.

Más mian le hionadaí na scoile, le hiarrthóirí nó le tuismitheoirí cúpla focal fáilte a chur roimh an bpobal, anois an t-am ceart é sin a dhéanamh. (ROGHNACH)

Cuimhnigh le do thoil go gcuirimid in iúl sna focail ghearra fáilte seo ár n-áthas go bhfuil teaghlaigh, an paróiste agus pobal na scoile ag bailiú sa séipéal inniu chun guí le chéile agus Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh.

Más mian leis na hiarrthóirí siombailí dá gcumas nó dá gcuid oibre agus dá n-ullmhúchán do Shacraimint an Chóineartaithe a chur i láthair – anois an t-am iad a thabhairt chun tosaigh. Bíodh spás nó bord socraithe asláir sa sanctóir, áit ar féidir na siombailí seo a chur agus a bheith le feiceáil, ach ní os comhair na haltóra ná os comhair an léachtáin agus ní ar an altóir. Má théann tráchttaireacht le tabhairt ar aghaidh na siombailí seo, ba chóir go mbeadh sé simplí agus gearr. Tugann na hiarrthóirí siombailí ar aghaidh agus cuirtear i láthair don easpag iad. (ROGHNACH)

SEASANN CÁCH

Leanann an t-easpag ar aghaidh le Comhartha na Croise agus leis an mbeannacht: “Síocháin leat.”

AN GNÍOMH AITHRÍ agus Kyrie

Go ginearálta, tá dhá rogha ann chun an Gníomh Aithrí a ghuí:

Rogha A:

Treoraíonn an t-easpag an pobal ar dtús agus an Fhaoistin Choiteann á guí..... *Admhaím do Dhia uilechumhachtach agus daoibhse, a bhráithre, agus a shiúracha....* agus treoraíonn an t-easpag an pobal ansin sa fhreagra: *A Thiarna, déan trócaire, A Chríost déan trócaire, A Thiarna, déan trócaire.*

Ba chóir na freagraí seo a chanadh (ach is féidir iad a rá, más gá): *A Thiarna, déan trócaire nó Kyrie eleison.*

Rogha B:

Mar mhalairt air sin, ní ghuitear an Fhaoistin Choiteann agus stiúrann an t-easpag an Gníomh Aithrí mar seo a leanas:

Easpag: A Thiarna Íosa, ardaíonn tú chuig an saol nua sinn: *A Thiarna déan trócaire*

Cách: *A Thiarna déan trócaire*

Easpag: A Thiarna Íosa, maitheann tú ár bpeacaí dúinn: *A Chríost déan trócaire*

Cách: *A Chríost déan trócaire*

Easpag: A Thiarna Íosa, beathaíonn tú sinn le do chorp agus le d'fhuil: *A Thiarna déan trócaire*

Cách: *A Thiarna déan trócaire*

AN GHLÓIR

Tá an Ghlóir san áireamh i liotúirge an Chóineartaithe, fiú le linn an Charghais. Nuair is féidir, ba chóir an Ghlóir a chanadh.

† LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR †

SUÍONN CÁCH

Ní gá téacsanna léamha na Scríptúr Naofa a chur san áireamh sa leabhrán ach is féidir na tagairtí bíobalta a thabhairt.

AN CHÉAD LÉAMH

Is féidir an Chéad Léamh a roghnú as Léamha Scríptúr molta do Liotúirge an Bhriathair.

SALM LE FREAGRA

Go hidéalach, ba chóir an Salm le Freagra a chanadh agus tá sé le tógáil ó na Saim Bhíobla. Níor cheart iomann eile a chur in ionad an tSaim le Freagra agus tógtar é as na Saim le Freagra atá san áireamh anseo.

AN DARA LÉAMH

Is féidir an Dara Léamh a roghnú as Léamha Scrioptúr molta do Liotúirge an Bhriathair.

COMHGHÁIR AN tSOISCÉIL

SEASANN CÁCH

Canann an cór/cantaire nó iarrthóir Cóineartaithe loinneog Alleluia (nó loinneog an Charghais) ar dtús, agus ansin déanann an pobal ar fad an loinneog arís. Cantar an véarsa ansin agus déanann gach duine an loinneog le chéile arís.

Le linn an Charghais, cantar an freagra in ionad an Alleluia, mar shampla ‘Moladh duit Tiarna Íosa Críost, Rí na Glóire Síoraí’.

LÉAMH AN tSOISCÉIL

Is é an sagart nó an deagánach (a iarrann an bheannacht ar an easpag sula bhfógraíonn sé an Soiscéal) a fhógraíonn léamh an tSoiscéil.

CUR I LÁTHAIR IARRTHÓIRÍ (ROGHNACH)

SUÍONN CÁCH

Ba chóir cur i láthair na n-iarrthóirí a dhéanamh díreach i ndiaidh an tSoiscéil mar an chéad chuid de Dheasghnátha an Chóineartaithe.

Tar éis an tSoiscéil, seasann an t-easpag sa chathaoir ceannais. Féadfaidh an múinteoir ranga/an príomhoide/an sagart na hiarrthóirí ar Chóineartú a thabhairt chun tosaigh. Deir an duine ainmnithe na focail seo nó focail chomhchosúla: Seo iad na hiarrthóirí a rachaidh faoi lámh an easpaig inniu. Ansin tugann sé/sí ainm ar na hiarrthóirí duine ar dhuine. Seasann gach iarrthóir nuair a thugtar a n-ainm.

Má tá go leor iarrthóirí ann, ní thugtar ainm orthu duine ar dhuine. Iarrtar orthu seasamh le teacht os comhair an easpaig.

HOMAILE SUÍONN CÁCH

Tugann an t-easpag homaile gairid ansin.

SEASANN CÁCH

Is féidir iomann cuí a agraíonn cumhacht an Spioraid Naoimh a chanadh. Tá moltaí ar fáil anseo.

FANANN NA HIARRTHÓIRÍ INA SEASAMH AGUS SUÍONN AN CHUID EILE DEN PHOBAL

ATHNUACHAN GHEALLÚINTÍ AN BHAISTE

Easpag: An ndiúltaíonn sibh do Shátan, dá oibreacha go léir agus dá chleasa go léir?

Iarrthóirí: Diúltaím.

Easpag: An gcreideann sibh i nDia an tAthair uilechumhachtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?

Iarrthóirí: Creidim.

Easpag: An gcreideann sibh in Íosa Críost, a aon Mhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire

Ógh, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an athar?

Iarrthóirí: Creidim.

Easpag: An gcreideann sibh sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a thiocfaidh anuas oraibh inniu i sacraimint an Chóineartaithe mar a tháinig sé anuas ar na haspail lá Cincíse?

Iarrthóirí: Creidim.

Easpag: An gcreideann sibh sa NaomhEaglais Chaitliceach, i gcomaoín na naomh, I maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí?

Iarrthóirí: Creidim.

Easpag: Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise. Ábhar mórtais dúinn é a admháil in Íosa Críost ár dTiarna.

Pobal: Áiméan.

DUL FAOI LÁMH EASPAIG AGUS PAIDIR AN CHOISREACAIN

SEASANN CÁCH

Fógraíonn an t-easpag cuireadh chun urnaí agus ansin tugann (an deagánach) cuireadh do na hIARRTHÓIRÍ DUL AR A nGLÚINE.

Le linn nóiméad d'urnaí chiúin, síneann an tEaspag a lámha amach, ag glaoch anuas an Spiorad Naomh, agus guíonn sé Paidir an Choisreacain.

UNGADH LE CRÍOSMA

SUÍONN CÁCH

TAGANN NA HIARRTHÓIRÍ CHUN CINN LE DUL FAOI LÁMH EASPAIG

Glacann an t-easpag a áit os comhair an tsanctóra. Ag an bpointe seo, tosaíonn na hiarrthóirí ag teacht chun cinn. De ghnáth is é an t-easpag a dhéanann an t-ungadh agus é féin agus na hiarrthóirí ina seasamh. Cuireann sé seo in iúl níos fearr siombalachas an iarrthóra ag cur tús le céim nua ar a n-aistear creidimh.

Tagann an cara as Críost chun tosaigh agus seasann siad taobh thiar den iarrthóir agus cuireann siad a lámh dheas ar ghualainn dheas an iarrthóra mar chomhartha ar a dtiomantas tacú leis an iarrthóir ar a n-aistear creidimh.

Cuireann an múinteoir ranga an t-iarrthóir in aithne don easpag faoina n-ainm Críostaí. Ansin bíonn comhrá ag an Easpag leis an iarrthóir de ghnáth faoina (h)ainm cóineartaithe, an fáth a bhfuil sé á roghnú, an cara as Críost atá acu, etc.

Ansin déanann an tEaspag (nó an sagart a riarann an Sacraimint leis an Easpag ar an lá sin) an tIarrthóir a ungadh le criosma, ag déanamh comhartha na Croise ar an éadan, agus á rá:

Easpag: A [Ainm cóineartaithe an iarrthóra], séalaím thú le bronntanas an Spioraid Naomh.

Iarrthóir: Áiméan.

Easpag: Síocháin leat.
Iarrthóir: Agus le do spiorad.

Is féidir iomann séimh nó ceol uirlise a bheith ag gabháil leis an ungadh.

GUÍ AN PHOBAIL

SEASANN CÁCH

Tugann an t-easpag cuireadh do na daoine óga a chuaigh faoi lámh easpaig an phaidir a threorú. Níor chóir ach 4-6 idirghuí a bheith ann. Fanann léitheoirí na n-idirghuí sa sanctóir go dtí go léann an t-easpag an phaidir deiridh.

† LIOTÚIRGE NA hEOCAIRISTE †

ULLMHÚ NA HALTÓRA AGUS AN OFRÁIL

SUÍONN CÁCH

Tugann cuid de na daoine óga a chuaigh faoi lámh an easpaig an t-arán agus an fíon i mórshiúl agus cuirtear os comhair an easpaig iad.

Féadfaidh Iomann Ofrála nó píosa ceoil uirlise a bheith ag gabháil leis an Ofráil. Féach liosta de ‘Iomainn agus Ceol Molta’.

Tugann an t-easpag cuireadh don phobal chun guí, á rá “Guígí a bhráithre, agus a shiúracha...” agus ag an bpointe sin **SEASANN CÁCH**.

PAIDIR EOCAIRISTEACH

Le linn na Paidre Eocairistí, canfaidh gach duine na freagraí seo a leanas:

- Naofa, Naofa. [Sanctus]
- Comhgháir Chuimhneacháin.
- Áiméan Mór.

DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH SEASANN CÁCH

Is féidir ‘Ár nAthair’ a chanadh nó a rá.

Tugann an t-easpag cuireadh don phobal Comhartha na Síochána a thabhairt dá chéile.

Cantar Uan Dé [Agnus Dei] (nó is féidir é a rá) agus briseann an t-easpag an abhlann.

TÉANN CÁCH AR A nGLÚINE

Canann na hiarrthóirí, an cór agus an pobal Iomainn Chomaoineacha le linn tabhairt amach na Comaoineach Naofa (is féidir tús a chur leis na hiomainn nuair a bhíonn an t-easpag ag fáil na

Comaoineach Naofa é féin). Tá moltaí ar fáil anseo.

MACHNAMH IARCHOMAOINEACH [ROGHNACH] **SUÍONN CÁCH**

Is féidir machnamh labhartha cuí, iomann nó ceol uirlise a úsáid.

URNAÍ IARCHOMAOINEACH **SEASANN CÁCH**

Is é an t-easpag a stiúrann an urnaí Iarchomaoineach.

FOCAL BUÍOCHAIS [ROGHNACH] **SUÍONN CÁCH**

Féadfar focal gairid buíochais ó na daoine óga a chuaigh faoi lámh easpaig / na tuismitheoirí/an príomhoide/an sagart a thabhairt, más cuí.

De ghnáth, labhraíonn an t-easpag leis an bpobal roimh an mbeannacht deiridh freisin.

BEANNACHT **DEIRIDH** **SEASANN CÁCH**

IOMANN **CEILIÚRTHA** **SEASANN CÁCH**

Ba chóir iomann oiriúnach le téama an Chóineartaithe a chanadh chun an liotúirge a thabhairt chun críche. Tá moltaí ar fáil anseo.

Fanann na daoine óga a chuaigh faoi lámh easpaig ina seasamh lena gcairde as Críost agus lena dteaghlaigh ina suíochán don iomann deiridh. Le linn an iomainn, imíonn an tEaspag, na Sagairt agus na cléirigh as an sanctóir, agus bogann an mórshiúl síos an pasáiste. Fanann na daoine óga a chuaigh faoi lámh easpaig agus a dteaghlaigh ina suíochán go mbeidh an mórshiúl seo thart.

Tar éis an iomainn, féadfaidh na hiarrthóirí seasamh os comhair na haltóra chun grianghraif a ghlacadh leis an easpag.